Faoiseamh Cánach do Dheonacháin de Mhíreanna Oidhreachta – Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Sula gcomhlánfaidh tú an t-iarratas iata, dírítear d'aird ar na nótaí seo a leanas.

Leathanach 1
Ceist 3

Forálann an reachtaíocht, i gcás an mhír / na míreanna a bhfuil sé beartaithe í/iad a dheonadh, nach mór í/iad a bheith ina shampla suntasach den chineál míre i gceist, agus ard-chéimiúil ina aicme. Is gá go mbeidh íosluach €150,000 ar mhír aonair nó ar bhailiúchán míreanna. I mbailiúchán míreanna, is gá go mbeidh íosluach €50,000 ar mhír amháin ar a laghad sa bhailiúchán.

Leathanach 3 - Dearbhú

Ní mór é a chomhlánú más le duine nó daoine an deonachán atá beartaithe.

Leathanach 4 – Dearbhú

Ní mór é a chomhlánú más le Cuideachta/Comhpháirtíocht/Gnólacht an deonachán atá beartaithe.

Nóta Tábhachtach

Más in airgeadra seachas an Euro a cheannaítear míreanna a bhfuil beartaithe iad a dheonadh faoi Alt 1003, bainfidh na Coimisinéirí Ioncam úsáid as an ráta malartaithe a bhí i bhfeidhm ar an dáta ceannaigh.

Ní bhainfidh seo ach le cásanna a gcinneann na Coimisinéirí Ioncaim gan luacháil neamhspleách a lorg orthu.

Ciallaíonn dáta ceannaigh an dáta ar íocadh an t-airgead leis an díoltóir.

Má theastaíonn uait tuilleadh faisnéise a chur le d'iarratas, déan amhlaidh ar leathanach ar leith, le do thoil.

Faoiseamh Cánach do Dheonacháin de Mhíreanna Oidhreachta

Alt 1003, An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Geallann an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta tréaniarrachtaí a dhéanamh chun gach faisnéis a sholáthraíonn tú mar fhreagra ar an iarratas seo a choinneáil faoi rún, faoi réir dhualgais dhlíthiúla na Roinne, lena n-áirítear na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

Tabhair faoi deara go bhféadfaí, mar fhreagra ar iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, faisnéis a bhaineann le d'iarratas a scaoileadh.

Is cóir Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe a sheoladh chuig:

An Rúnaí
Coiste Roghnúcháin Alt 1003
Aonad na bhForas Cultúrtha
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Fosadh
Cill Airne
Co. Ciarraí